Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2021
(OR. en)

14046/21

**Comhad Idirinstitiúideach: 2008/0140(CNS)**

SOC 662
ANTIDISCRIM 99
MI 859
JAI 1255
FREMP 268

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13394/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11531/08 - COM(2008) 426 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

An 2 Iúil 2008, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht CE[1] atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

[1] Go háirithe, Treoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Ba dhíol sásaimh i bprionsabal do thromlach mór na dtoscaireachtaí an togra, agus thacaigh cuid mhaith acu leis an aidhm atá aige an creat dlíthiúil atá ann cheana a thabhairt chun críche, trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras uile idirdhealaithe trí chur chuige cothrománach.

Dhearbhaigh formhór na dtoscaireachtaí a thábhachtaí atá sé an chóir chomhionann a chur chun cinn mar luach comhroinnte laistigh den Aontas. Go háirithe, chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis a shuntasaí atá an togra i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD). B'fhearr le roinnt toscaireachtaí, áfach, forálacha níos uaillmhianaí maidir le míchumas.

Á chur i dtábhacht dóibh a thábhachtaí atá sé an t-idirdhealú a chomhrac, tá, san am atá caite, ceisteanna curtha ag roinnt toscaireachtaí faoin ngá leis an togra ón gCoimisiún, ar sárú é, dar leo, ar an inniúlacht náisiúnta maidir le saincheisteanna áirithe, agus go bhfuil sé i gcoimhlint le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Tá soiléiriú iarrtha ag toscaireachtaí áirithe freisin agus tá údar imní curtha in iúl acu go háirithe maidir leis an easpa deimhneacht dhlíthiúil, roinnt na n-inniúlachtaí agus tionchar praiticiúil, airgeadais agus dlíthiúil an togra.

Tá forchoimeádais ghinearálta coinnithe ag dhá thoscaireacht maidir leis an togra mar atá.

Faoi láthair, tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta coinnithe ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs.

Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha coinnithe ag CZ agus DK. Cé go dtacaíonn sé leis an gcuardach ar chomhréiteach, dhearbhaigh an Coimisiún a thogra bunaidh ag an gcéim seo agus choinnigh sé forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir le haon athruithe air sin.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[2] faoin nós imeachta comhairliúcháin. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tagann an togra faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois; tá, dá bhrí sin, gá le haontoilíocht sa Chomhairle, tar éis *toiliú* a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

---

**2** Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/Verts/ALE) ina rapóirtéir.

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA SLÓIVÉINE

Agus plé déanta ar thogra comhréitigh nua cuimsitheach i mí na Bealtaine,[3] thíolaic Uachtaránacht na Slóivéine nóta stiúrtha[4] ina raibh sraith ceisteanna a bhí dírithe ar thrí phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach, mar atá: 1) *coimhdeacht*; 2) *na forálacha maidir le míchumas (costais chur chun feidhme agus comhchuibheas le UNCRPD)*; agus 3) *deimhneacht dhlíthiúil*. Thug na toscaireachtaí aghaidh ar na saincheisteanna sin i gcruinniú neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta.[5] Is féidir achoimre a dhéanamh ar an bplé[6] mar a leanas:

**1. Coimhdeacht (go háirithe Airteagal 2(8) agus 3(1-2) agus Aithris 16)**

**a) An bhfuil an chothromaíocht cheart ann idir coimhdeacht agus cosaint ar idirdhealú i ndlí an Aontais?**

**b) An bhfuil an chothromaíocht cheart ann idir an chosaint ar idirdhealú ar thaobh amháin agus cearta a chosaint amhail meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, saoirse comhlachais agus saoirse an phreasa ar an taobh eile?**

Mheas roinnt toscaireachtaí go raibh an chothromaíocht cheart bainte amach tríd is tríd sa téacs is déanaí idir coimhdeacht agus breithniúcháin eile (eadhon, cosaint ar leibhéal an Aontais ar idirdhealú agus cearta a chosaint amhail meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, saoirse comhlachais agus saoirse an phreasa). Mar sin féin, mheas roinnt toscaireachtaí go raibh gá freisin le tuilleadh mionchoigeartaithe a dhéanamh ar an téacs.

Bhí údair imní ag toscaireachtaí eile maidir le coimhdeacht agus deimhneacht dhlíthiúil, agus dhearbhaigh siad an gá le hinniúlachtaí na mBallstát a chosaint, lena n-áirítear in earnálacha amhail an t-oideachas.

---

3 8549/21. Féach freisin 9108/21 agus 9109/21.
4 12398/21
5 An 27 Deireadh Fómhair 2021. Mar gheall ar na himthosca eisceachtúla a eascraíonn as paindéim COVID-19, tionóladh na cruinnithe i bhfoirm fhíorúil.
6 Féach 13394/21 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Idir an dá linn, bhí toscaireachtaí áirithe eile den tuairim go raibh maolú rómhór déanta ar an téacs, go ndearnadh an chosaint a tugadh a lagú, agus go bhféadfaidís an doras a oscailt d'idirdhealú i réimsí amhail an dlí pósta agus teaghlaigh.

Ba mhian le toscaireacht amháin freisin coincheap an trasnachais a thabhairt isteach athuair sa téacs.

Agus é ag tacú leis an téacs reatha mar bhonn le haghaidh tuilleadh plé, dhearbhaigh ionadaí an Choimisiúin a thábhachtaí atá sé prionsabal na coimhdeachta a urramú – a ndéileálfar leis in aithrisí an togra – chomh maith le ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Agus é ag tabhairt freagra ar thuairimí ó na toscaireachtaí, mhínigh an t-ionadaí ón gCoimisiún an méid a leanas:

- gur cumhdaíodh na gníomhaíochtaí *tráchtála* go léir sa Treoir i gcomhthéacs an gheilleagair chomhroinnte;
- nach raibh sé i gceist leis an Treoir ach *rochtain* chomhionann ar oideachas a áirithiú, gan cúngach a dhéanamh ar inniúlachtaí náisiúnta; agus
- nach bhféadfadh an Treoir seo ach na forais idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 19 CFAE a chumhdach.

**2. Costais chur chun feidhme (go háirithe Airteagal 15 agus Aithrisí 19ca, cb agus cc)**

**a) An féidir libh tacú leis na forálacha lena ndeonaítear an ceart do na Ballstáit díolúine shealadach a iarraidh ón gceanglas cóiríocht réasúnta a chur ar fáil? Cén chaoi ar mhaith libh na forálacha sin a mhionchoigeartú?**

b) **An bhféadfadh sibh samplaí a thabhairt de na cásanna nithiúla ar mhaith libh go gcumhdófaí iad, á chur san áireamh go bhfuil easpa ualach míchuí nó díréireach san áireamh cheana féin i gcoincheap na cóiríochta réasúnta?**

Bhí roinnt toscaireachtaí faoi réir, de mheon comhréitigh, le díolúine shealadach ón gceanglas cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a bhreithniú. Mar sin féin, i measc na saincheisteanna a bhfuil tuilleadh plé ag teastáil ina leith, tá an gá na critéir is infheidhme a leagan amach agus comhchuibheas na Treorach le UNCRPD. Mar rogha mhalartach fhéideartha ar dhíolúine shealadach thar barr amach, mhol toscaireacht amháin go gcuirfí na pionóis is infheidhme ar fionraí go sealadach. Tharraing toscaireacht eile anuas an fhéidearthacht an díolúine a theorannú d'earraí agus do sheirbhísí nua amháin.

Ní raibh roinnt toscaireachtaí eile in ann tacú leis an díolúine shealadach a moladh, toisc gur dhócha go lagódh sé an chosaint ar idirdhealú do dhaoine faoi mhíchumas. Sa chomhthéacs sin, chuir toscaireachtaí áirithe in iúl an tuairim gur leordhóthanach an coincheap maidir le hualach díréireach mar choimirce in aghaidh oibleagáidí atá róthrom. Chuir siad i bhfios go láidir go raibh, in UNCRPD, prionsabal na cóiríochta réasúnta infheidhme maidir le staideanna sonracha agus go raibh sé bunaithe ar anailís ar an ualach díréireach tráth ar leith, agus meabhraíodh dóibh go ndearnadh na forálacha atá sa dréacht-treoir a lagú le linn pléití a rinneadh roimhe seo (e.g. trí dheireadh a chur le príomhoibleagáidí i réimse an bhonneagair).

Thug toscaireacht amháin rabhadh maidir le buntáistí iomaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndeonófaí díolúintí i mBallstáit áirithe fad is a choinnigh Ballstáit eile rialacha níos déine.

Mheas roinnt toscaireachtaí go raibh gá le tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gclásal díolúine atá molta agus é a shoiléiriú a thuilleadh.

Á admháil dó ábhair imní na dtoscaireachtaí maidir leis an gcostas eacnamaíoch a bhaineann leis na forálacha i ndáil le míchumas atá sa Treoir a chur chun feidhme, chuir ionadaí an Choimisiúin i bhfios go láidir gur cheart, má táthar chun díolúine a mheas mar bhonn réitigh, go mbeadh sé faoi réir coinníollacha soiléire a bheadh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit.

B'oth le roinnt toscaireachtaí gur baineadh an coincheap 'inrochtaineacht' den téacs, toisc gur lagaigh sé sin an chosaint a thugtar do dhaoine faoi mhíchumas, tá an coincheap "cóiríocht réasúnta" *agus* an coincheap "inrochtaineacht" araon san áireamh in UNCRPD. B'oth le roinnt toscaireachtaí gur baineadh an coincheap "dearadh uilíoch" den téacs, coincheap a chuirfeadh cur chuige níos leithne ar fáil maidir le cóir chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas.

Agus é ag tacú leis an téacs atá ann faoi láthair mar bhonn le haghaidh tuilleadh oibre, meabhraíodh d'ionadaí an Choimisiúin nár áiríodh aon fhorálacha mionsonraithe maidir le hinrochtaineacht sa togra bunaidh, agus gurbh é an phríomhaidhm a áirithiú go mbeadh rochtain ar na réimsí éagsúla ábhair a chumhdaítear leis an Treoir neamh-idirdhealaitheach.

**c) An bhfuil sibh sásta leis an gcomhchuibheas idir an téacs reatha agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)?**

Mheas roinnt toscaireachtaí go raibh an téacs, tríd is tríd, comhchuí go leor le UNCRPD. Ní raibh roinnt díobh cinnte, áfach, agus eagla orthu go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil ann agus rabhadh á thabhairt acu maidir le haon séanadh nó lagú ar fhorálacha ionstraim na Náisiún Aontaithe.

Chuir ionadaí an Choimisiúin in iúl go raibh feidhm le UNCRPD in aon chás agus go rannchuideodh an Treoir atá beartaithe lena chur chun feidhme, gan í a bheith ina reachtaíocht chur chun feidhme *per se*.

3. **Deimhneacht dhlíthiúil (go háirithe Airteagal 2(7 agus 7a))**

**An féidir libh tacú leis na forálacha a bhaineann le difríochtaí ceadaithe sa chóir maidir le seirbhísí árachais, baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile bunaithe ar "aois" nó "riocht sláinte a d'fhéadfadh a bheith nasctha le míchumas duine"? Mura féidir, cad ba cheart a athrú chun freastal ar na húdair imní?**

Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an téacs reatha mar bhonn le haghaidh tuilleadh plé, faoi réir aon mhionchoigeartú agus soiléiriú is gá. D'áitigh toscaireacht amháin a thábhachtaí atá sé idirdhealú soiléir a dhéanamh idir "míchumas" agus "riocht sláinte". Bhí toscaireacht eile den tuairim gur dhócha nach luífeadh difríocht sa chóir bunaithe ar "aois nó riocht sláinte a d'fhéadfadh a bheith nasctha le míchumas duine" le UNCRPD. Dhearbhaigh Ballstáit eile gur dlisteanach é aois agus sláinte a chur san áireamh, mar shampla, agus préimheanna árachais á ríomh, agus chuir siad i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cineál oibiachtúil agus réasúnta na ndifríochtaí sa chóir a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, chuir toscaireacht amháin i bhfios go láidir freisin gur gá aghaidh a thabhairt ar úsáid na hintleachta saorga sa chinnteoireacht a dhéanann soláthraithe seirbhísí.

## III. CONCLÚID

Cé go ndearnadh dul chun cinn áirithe le linn an phlé a bhí bunaithe ar an téacs is déanaí, is léir go bhfuil gá le tuilleadh oibre sula bhféadfar an aontoilíocht is gá a bhaint amach sa Chomhairle.